Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Samhain 2017
(OR. en)

11761/3/17
REV 3 COR 1

LIMITE

ENFOCUSTOM 192
JAI 743
UD 199
SAN 322
DROIPEN 118
COPEN 262
FISC 183

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | an Mheitheal um Chomhar Custaim |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne táirgí tobac a bheith á dtrádáil go neamhdheathach san Aontas |

**Léitear mír 4 ar leathanach 4 mar seo a leanas:**

" AG TABHAIRT DÁ hAIRE go bhfuil gá leis an gcur chuige ilghníomhaireachta a fheabhsú agus le faisnéis anailíseach a chomhroinnt i measc ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí an Aontais agus i measc comhlachtaí de chuid an Aontais (lena n-áirítear OLAF agus DG TAXUD, Europol agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)),"

**Ar leathanach 5, léitear an chéad phointe urchair mar a leanas:**

- " na bearta is gá a ghlacadh chun feabhas a chur ar an gcomhar agus ar an gcur chuige idirghníomhaíochta idir an leibhéal náisiúnta, an leibhéal idirnáisiúnta agus leibhéal an Aontais agus i measc geallsealbhóirí idirnáisiúnta an Aontais trí fhaisnéis a roinnt, rochtain a dheonú, agus leas á baint as na hardáin agus as na bealaí cumarsáide atá ann cheana, amhail córas AFIS de chuid OLAF, Córas Bainistíochta Riosca don Chomhphobal (CRMS) de chuid DG TAXUD, an Feidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise (SIENA) de cuid Europol, an Coiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) de chuid na hEagraíochta um Chomhar Custaim, an Córas Eorpach um Fhaireachas ar Theorainneacha (Eurosur) de chuid Frontex agus lena gcomhlíontar ceanglais shonracha maidir le cosaint sonraí agus lena n-urramaítear inniúlachtaí;"

**Ar leathanach 5, léitear an cúigiú pointe urchair mar a leanas:**

- an comhar idirnáisiúnta a leathnú agus úsáid á baint as na huirlisí a chuireann Frontex agus Europol ar fáil, maille le córais agus bunachair sonraí malartaithe faisnéise eile, agus gan dúbailt a dhéanamh ar chórais malartaithe faisnéise atá ann cheana agus a fheidhmíonn go maith;